RÚN (AE) 2023/322 ó PHARLAIMINT na hEORPA

an 18 Deireadh Fómhair 2022

maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn II — an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn II — an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don dara tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0236/2022),

A. de bhrí, de bhun Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go ngníomhóidh gach institiúid faoi theorainneacha na gcumhachtaí arna dtabhairt dóibh sna Conarthaí agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta, leis na coinníollacha agus leis na cuspóirí atá leagtha amach iontu, agus de bhrí nach mór do na hinstitiúidí comhar dílis frithpháirteach a dhéanamh;

B. de bhrí, faoi Airteagal 317(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go gcuirfidh an Coimisiún buiséad an Aontais chun feidhme ar a fhreagracht féin, ag féachaint do phrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, agus de bhrí, faoin gcreat atá i bhfeidhm, go dtabharfaidh an Coimisiún d'institiúidí eile an Aontais na cumhachtaí riachtanacha chun na ranna den bhuiséad a bhaineann leo a chur chun feidhme;

C. de bhrí, faoi Airteagal 319(1) CFAE, gurb í an Pharlaimint, agus an Pharlaimint amháin, atá freagrach as urscaoileadh a dheonú i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, agus de bhrí gur roinn de bhuiséad an Aontais é buiséad na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle;

D. de bhrí, faoi Airteagail 235(4) agus 240(2) CFAE, go dtugann Ardrúnaíocht na Comhairle cúnamh don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle ("an Chomhairle"), agus de bhrí go bhfuil an tArd-Rúnaí iomlán freagrach as bainistíocht fhónta na leithreasuithe arna gcur isteach i Roinn II de bhuiséad an Aontais;

E. de bhrí gur cheart don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle, mar institiúidí de chuid an Aontais agus mar thairbhithe de bhuiséad ginearálta an Aontais, a bheith trédhearcach agus cuntasach go daonlathach do shaoránaigh an Aontais agus faoi réir grinnscrúdú daonlathach ar a gcaiteachas ar chistí poiblí;

F. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an bParlaimint, mar údarás um urscaoileadh, béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh maidir le saoránaigh an Aontais trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, a bhfuil coincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais ar acmhainní daonna ina ngnéithe lárnacha de;

G. de bhrí, le beagnach fiche bliain anuas, go bhfuil an cleachtas seanbhunaithe agus urramaithe a bhaineann le hurscaoileadh a dheonú d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais dá gcaiteachas riaracháin á chur chun feidhme ag an bParlaimint, agus de bhrí go n-aontaíonn an Coimisiún gur cheart leanúint den chleachtas seo;

H. de bhrí go bhfuarthas leis an gcinneadh ón Ombudsman Eorpach ("an tOmbudsman") i bhfiosrúchán straitéiseach OI/2/2017/TE maidir le trédhearcacht phróiseas reachtaíochta na Comhairle gur dhrochriarachán a bhí i gcleachtas na Comhairle sa phróiseas reachtach agus gur cheart aghaidh a thabhairt air chun cur ar chumas na saoránach próiseas reachtach an Aontais a leanúint;

I. de bhrí go ndeimhnítear le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ceart na gcáiníocóirí agus an phobail a bheith ar an eolas maidir le húsáid ioncaim phoiblí;

J. de bhrí gur chuir easpa comhair na Comhairle sa nós imeachta um urscaoileadh cosc ar Pharlaimint na hEorpa cinneadh feasach a dhéanamh maidir le hurscaoileadh a dheonú le breis agus deich mbliana anois;

1. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil an Chomhairle fós ag diúltú comhoibriú maidir leis an nós imeachta um urscaoileadh, lena gcuirtear iallach ar an bParlaimint diúltú d'urscaoileadh;

2. á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil buiséad na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle roinnte ina dhá bhuiséad ar leith, mar a mhol an Pharlaimint ina rúin roimhe sin maidir le hurscaoileadh, chun trédhearcacht, cuntasacht agus éifeachtúlacht an dá institiúid a fheabhsú;

3. á mheabhrú gur uirlis iad na príomhtháscairí feidhmíochta a aithnítear go forleathan chun gnóthú na spriocanna a leagtar síos a thomhas; á iarraidh ar an gComhairle achoimrí ar a príomhtháscairí feidhmíochta agus ar na torthaí gaolmhara a chur ar fáil ina tuarascálacha bainistíochta;

4. á chur in iúl gurb oth léi an easpa faisnéise maidir le cur chun feidhme phlean gníomhaíochta inscne na Comhairle agus maidir leis na bearta a rinneadh chun comhdheiseanna a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas atá fostaithe ag an gComhairle; á iarraidh ar an gComhairle faisnéis a chur ar fáil don údarás buiséadach maidir le cothromaíocht inscne, dáileadh geografach agus míchumais a ball foirne agus maidir leis na beartais inmheánacha lena mbaineann;

5. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil neamhaird tugtha ag an gComhairle go dtí seo ar rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2020 maidir leis an ngá atá le cumraíocht thiomnaithe de chuid na Comhairle i ndáil le comhionannas inscne ([1]) agus á áitiú, dá mbeadh fóram institiúideach tiomnaithe ann, go ndéanfaí comhionannas inscne a chomhtháthú ar bhealach níos láidre i mbeartais agus i straitéisí an Aontais agus go n-áiritheofaí comhordú agus dul chun cinn riachtanach sna príomhchomhaid a bhaineann le comhionannas inscne;

6. á mheabhrú, de bhun Airteagal 286(2) CFAE, go gceapann an Chomhairle comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí ("an Chúirt") tar éis dul i gcomhairle leis an bParlaimint agus go dtuigeann sí na deacrachtaí a bhaineann le cothromaíocht inscne a bhaint amach mar gheall ar an nós imeachta ainmniúcháin atá ann faoi láthair; ag cur béim ar an neamhchothromaíocht thromchúiseach inscne sa Chúirt, áit nach raibh ach 8 gcomhalta mná ann in 2020 i gcomparáid le 18 gcomhalta fir; á iarraidh an athuair ar an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta ainmniúcháin agus é mar aidhm aici dul i ngleic leis an bhfadhb sin trí ghníomhaíochtaí nithiúla, amhail é a dhéanamh éigeantach do na Ballstáit iarrthóir amháin de gach inscne a chur i láthair;

7. á chur in iúl gurb oth léi go gcuireann an Chomhairle a saincheart i bhfeidhm sa nósanna imeachta ainmniúcháin agus ceapacháin do go leor institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais gan tuairimí na bpáirtithe leasmhara a chur san áireamh; á chur in iúl gurb oth léi, go háirithe, gur mhainnigh an Chomhairle arís agus arís eile moltaí na Parlaiminte a chur san áireamh ina ról comhairleach maidir le comhaltaí na Cúirte a cheapadh; á áitiú gur gá go ndéanfaí athbhreithniú ar shaincheart na Comhairle d'fhonn rannpháirtíocht na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí lena mbaineann a ráthú agus a neartú;

8. ag meabhrú mholtaí an Ombudsman maidir le trédhearcacht phróiseas reachtach na Comhairle agus ag tacú leo; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil an próiseas cinnteoireachta sa Chomhairle fós i bhfad ó bheith go hiomlán trédhearcach, rud a dhéanann difear do mhuinín na saoránach san Aontas mar eintiteas trédhearcach agus a chuireann, dá réir sin, clú an Aontais ina iomláine i mbaol; ag tathant ar an gComhairle gach beart is gá a dhéanamh chun moltaí an Ombudsman agus rialuithe ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme gan moill mhíchuí;

9. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an ról méadaitheach atá ag an gComhairle Eorpach i dtaca leis na comhaid reachtacha in ainneoin nach bhfuil feidhm reachtach ná feidhm feidhmiúcháin ag an institiúid sin agus nach gcuireann sí na caighdeáin trédhearcachta chéanna i bhfeidhm agus atá ag an gComhairle, rud a chiallaíonn nach bhfuil sí á tabhairt chun cuntais; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil rannpháirtíocht Bhuanionadaithe na mBallstát sa Chlár Trédhearcachta go hiomlán deonach agus á áitiú gur cheart do na Buanionadaíochtaí uile páirt ghníomhach a ghlacadh sa Chlár Trédhearcachta roimh Uachtaránacht a mBallstáit ar an gComhairle, lena linn agus ina dhiaidh sin; á chreidiúint gur cheart na rialacha eitice atá ann cheana maidir le coinbhleachtaí leasa, doirse imrothlacha agus trédhearcacht brústocaireachta a neartú agus a chomhchuibhiú; ag moladh don Chomhairle leas iomlán a bhaint as scéim an Chláir Trédhearcachta thar na teorainneacha atá aici faoi láthair agus á iarraidh ar an gComhairle diúltú bualadh le brústocairí neamhchláraithe;

([1]) IO C 445, 29.10.2021, lch. 150.

10. á chur in iúl gurb oth léi, in ainneoin roinnt iarrataí ón bParlaimint, nár tugadh an cód iompair d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí i gcomhréir le cód iompair na Parlaiminte agus an Choimisiúin, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí a bheidh le formheas tar éis d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí an post a fhágáil;

11. á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuair sí faisnéis faoin gcód iompair is infheidhme maidir le gach ball foirne na Comhairle; á athdhearbhú go rannchuidíonn iompar eiticiúil le bainistíocht fhónta airgeadais agus go gcuireann sé le muinín an phobail, mar a chuir an Chúirt i bhfáth ina "Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2019: Creataí eiticiúla institiúidí AE a bhfuil iniúchadh déanta orthu: an deis atá ann feabhas a dhéanamh", rud atá fíor-riachtanach má bheidh rath le beartais phoiblí agus, go háirithe, go mealltar leibhéil arda leasa phoiblí agus go laghdaítear muinín in AE le haon iompar mí-eiticiúil ó fhoireann agus ó chomhaltaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais;

12. á athdhearbhú go bhfuil imní mhór uirthi maidir le coinbhleachtaí leasa deimhnithe ionadaithe de chuid na mBallstát atá rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta bheartais agus bhuiséid; á chreidiúint nár cheart d'ionadaithe de chuid na mBallstát a bhaineann tairbhe dhíreach as fóirdheontais an Aontais trí na gnólachtaí ar leo féin iad páirt a ghlacadh i bpléitíi nó vótálacha beartais nó buiséadacha a bhaineann leis na fóirdheontais sin;

13. á iarraidh an athuair ar uachtaránachtaí rothlacha na Comhairle diúltú d'aon urraíocht chorparáideach chun cuid dá speansais a chumhdach; á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir na hacmhainní airgeadais ó bhuiséid náisiúnta i measc na mBallstát agus gur cheart go mbeadh deiseanna comhionanna ag gach Ballstát, gan beann ar a mhéid ná an buiséad a bhfuil fáil aige air, Uachtaránacht rathúil ar an gComhairle a eagrú, ach á chreidiúint go ndéanann glacadh le hurraíocht chorparáideach damáiste do chlú toisc go bhféadfadh sé coinbhleachtaí leasa a chruthú; á iarraidh an athuair ar an gComhairle forálacha buiséadacha a dhéanamh maidir le hUachtaránachtaí na Comhairle chun caighdeáin leormhaithe agus aonfhoirmeacha éifeachtúlachta agus éifeachtachta an phróisis oibre a áirithiú;

14. á mheabhrú, faoi Airteagal 319 CFAE, go bhfeidhmíonn an Pharlaimint a sainchearta sna nósanna imeachta um urscaoileadh agus gurb í an Pharlaimint amháin atá freagrach as urscaoileadh a dheonú i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, agus gur roinn de bhuiséad an Aontais é buiséad na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle;

15. á mheabhrú, faoi Airteagal 335 CFAE, go "[bh]feidhmeoidh gach ceann de na hinstitiúidí, de bhua a neamhspleáchais riaracháin, thar ceann an Aontais in ábhair a bhaineann lena hoibriú faoi seach" agus, dá réir sin, agus Airteagal 59 den Rialachán Airgeadais á chur san áireamh freisin, go dtugtar na cumhachtaí riachtanacha do na hinstitiúidí agus go bhfuil freagracht aonair orthu as na ranna den bhuiséad a bhaineann leo a chur chun feidhme;

16. á thabhairt dá haire, faoi Riail 100 dá Rialacha Nós Imeachta, go mbeidh feidhm freisin ag "na forálacha lena rialaítear an nós imeachta maidir le hurscaoileadh a dheonú don Choimisiún […] i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid, maidir leis an nós imeachta a bhaineann le hurscaoileadh a dheonú do […] na daoine atá freagrach as cur chun feidhme bhuiséid na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, mar shampla an Chomhairle";

17. ag cur béim ar an bhfíoras, le beagnach fiche bliain anuas, go bhfuil cleachtas seanbhunaithe agus urramaithe á chur chun feidhme ag an bParlaimint, is é sin urscaoileadh a dheonú d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais i leith a gcaiteachais riaracháin; á chur i bhfáth gur athdhearbhaigh an Coimisiún gur cheart go leanfadh an Pharlaimint den chleachtas sin;

18. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil sé léirithe ag an gComhairle, le breis agus deich mbliana anuas, nach bhfuil aon toilteanas aici comhoibriú leis an bParlaimint i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, rud a fhágann nach féidir leis an bParlaimint cinneadh feasach a dhéanamh maidir le hurscaoileadh; á mheas go léiríonn an easpa comhair sin neamhaird iomlán ar ról na Parlaiminte agus go sáraítear prionsabal an chomhair dhílis idir na hinstitiúidí léi, rud a fhágann go bhfuil éifeachtaí an-diúltach ann a bhaineann le míchlú a tharraingt ar thrédhearcacht agus ar ghrinnscrúdú daonlathach bhuiséad an Aontais, chomh maith le muinín na saoránach san Aontas a laghdú; á éileamh go n-urramófar go hiomlán saincheart agus ról na Parlaiminte i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lena gcuirtear béim ar cheart na gcáiníocóirí agus an phobail a bheith ar an eolas maidir le húsáid ioncaim phoiblí agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil an ceart sin nasctha le ról na Parlaiminte sa nós imeachta um urscaoileadh mar an t-aon institiúid a thoghann saoránaigh an Aontais go díreach;

19. á chur in iúl go bhfuil sí fós deimhin de go bhféadfaí teacht ar chomhaontú maidir leis an ábhar seo dá léireodh an Chomhairle aon toilteanas polaitiúil chun comhoibriú; ag athdhearbhú thoil na Parlaiminte páirt a ghlacadh in idirphlé cuiditheach agus á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gComhairle tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht leis an bParlaimint gan moill mhíchuí chun teacht ar réiteach i gcreat reatha an nós imeachta um urscaoileadh;

20. á chur i bhfios, mar a cuireadh in iúl i rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 maidir leis an obair leantach ar chonclúidí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ([2]), go n-éilíonn conclúidí na Comhdhála sin athruithe ar na Conarthaí, *inter alia*, maidir le struchtúr institiúideach an Aontais a shimpliú, tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a bheith ann sa phróiseas cinnteoireachta agus machnamh nua a dhéanamh ar inniúlachtaí an Aontais; á chreidiúint gurb ionann ionchais shaoránaigh an Aontais agus sainordú aonchiallach chun trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, go háirithe i dtaca le buiséad an Aontais agus, dá réir sin, an nós imeachta um urscaoileadh;

21. á athdhearbhú, dá ndéanfaí athbhreithniú ar na Conarthaí, go bhféadfaí an nós imeachta um urscaoileadh a dhéanamh níos soiléire agus níos trédhearcaí, go háirithe tríd an inniúlacht shainráite a thabhairt don Pharlaimint urscaoileadh a dheonú d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais ina n-aonar, ach á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur chéad chéim chun an dúsháinn atá ann faoi láthair a shárú a bheadh i gceist leis an gcaibidlíocht a athsheoladh idir an Pharlaimint agus an Chomhairle maidir leis an nós imeachta um urscaoileadh, d'fhonn teacht ar réiteach trí chomhar idirinstitiúideach níos fearr laistigh den chreat reatha arna leagan amach ag na Conarthaí.

([2]) Téacsanna arna ghlacadh, P9_TA(2022)0141.